Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15531/23**

**DENLEG 56**
**FOOD 86**
**SAN 670**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 13 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2023) 92110/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 maidir le huasleibhéil sárchlóráite i bpiseanna (*Phaseolus vulgaris)* a bhfuil faighneoga orthu |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2023) 92110/2.

---

Faoi iamh: D(2023) 92110/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/1986 Rev1
(POOL/E2/2023/1986/1986R1-EN.docx)
D092110/02
[…](2023) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 maidir le huasleibhéil sárchlóráite i bpiseanna (*Phaseolus vulgaris)* a bhfuil faighneoga orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 maidir le huasleibhéil sárchlóráite i bpiseanna (*Phaseolus vulgaris)* a bhfuil faighneoga orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia[1], agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2023/915 ón gCoimisiún[2], socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe, lena n-áirítear sárchlóráit, in earraí bia.

(2) An 30 Meán Fómhair 2014, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuairim eolaíochta maidir le sárchlóráit i mbia, go háirithe i dtorthaí agus i nglasraí, agus chinn sé go raibh ábhar imní ó thaobh na sláinte i gceist le láithreacht sárchlóráite in earraí bia áirithe, lena n-áirítear piseanna (*Phaseolus vulgaris)* a bhfuil faighneoga orthu[3].

(3) Bunaíodh na huasleibhéil le haghaidh sárchlóráite i réimse leathan bia le Rialachán (AE) 2020/685 ón gCoimisiún[4] agus comhtháthaíodh na huasleibhéil sin i Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún. Cé nach raibh sonraí tarluithe cuimsitheacha ar fáil do gach fochatagóir torthaí agus glasraí nuair a bunaíodh na leibhéil sin, bunaíodh uasleibhéal ginearálta dian do gach toradh agus glasra, lena n-áirítear piseanna, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

(4) In ainneoin sin, léiríonn sonraí tarluithe fairsinge a tháinig amach le déanaí maidir le leibhéil sárchlóráite i bpiseanna nach féidir an t-uasleibhéal a bhaint amach i bpiseanna (*Phaseolus vulgaris)* a bhfuil faighneoga orthu i limistéir mhóra táirgthe san Aontas, fiú má chuirtear dea-chleachtais i bhfeidhm.

---

1 OJ L 37, 13.2.1993, lch. 1.

2 Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103).

3 *Scientific opinion on the risks to public health related to the presence of perchlorate in food, in particular fruits and vegetables.* [Tuairim eolaíochta maidir leis na rioscaí don tsláinte phoiblí bhaineann le láithreacht sárchlóráite i mbia, go háirithe i dtorthaí agus nglasraí.] *EFSA Journal* [Iris EPSA] 2014;12(10):3869, https://doi:10.2903/j.efsa.2014.3869

4 Rialachán (AE) 2020/685 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil sárchlóráite in earraí bia áirithe (IO L 160, 25.5.2020, lch. 3).

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an t-uasleibhéal le haghaidh sárchlóráite i bpiseanna (*Phaseolus vulgaris*) a bhfuil faighneoga orthu a ardú i gcomhréir leis an bprionsabal go bhfuil uasleibhéil le bunú ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún agus dea-chleachtais á leanúint.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/194 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN